AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2024
COM(2024) 569 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil maidir le feidhmiú an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe

# Clár na nÁbhar


**1. Réamhrá ..... 2**

1.1. Forbairt an chórais acmhainní dílse ..... 2

1.2. An creat maidir le Cáin Bhreisluacha go dtí athchóiriú 2021 ..... 3

1.3. Athchóiriú 2021 ..... 4

Ríomhanna simplithe ..... 4

Rialuithe spriocdhírithe ..... 5

**2. Éifeachtacht an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe ..... 6**

2.1. Éabhlóid na mbonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe ..... 7

2.2. Ioncaim Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a bhailiú ..... 12

2.3. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ..... 15

Éabhlóid na bhforchoimeádas gan réiteach ó 2016 go 2022 ..... 15

Éabhlóid na sáruithe i ndáil leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe ó 2016 go 2022 ..... 17

2.4. Aiseolas ó na Ballstáit ..... 19

2.5. Conclúid ..... 21

**3. Éabhlóid an mheánráta ualaithe ó bhí 2016 ann ..... 22**

3.1. Éabhlóid an mheánráta ualaithe: 2016-2020 ..... 22

3.2. Éabhlóid an mheánráta ualaithe: 2021-2024 measta ..... 23

3.3. Conclúid na hanailíse ar an meánráta ualaithe ..... 28

**4. Conclúid ..... 28**

**Iarscríbhinn ..... 29**

# 1. Réamhrá

Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fail maidir le feidhmiú an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe faoin 1 Eanáir 2025. De réir an dlí[1], ní mór a chuimsiú sa tuarascáil '*measúnú ar cé acu an bhfuil an córas acmhainní dílse CBL-bhunaithe, go háirithe, an meánráta ualaithe ilbhliantúil, éifeachtach agus leormhaith.* Más iomchuí, beidh togra maidir leis an Rialachán seo a mhodhnú ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an meánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach a chinneadh ar bhonn na sonraí is déanaí'.

I gcomhréir leis an gcúram a thugtar don Choimisiún, soláthraítear forbhreathnú sa tuarascáil seo ar na hathruithe a rinneadh ar an gcóras acmhainní dílse CBL-bhunaithe, déantar anailís ar éifeachtacht an chórais trí anailís a dhéanamh ar éabhlóid na dtáscairí feidhmíochta ábhartha tar éis na hathruithe a bheith déanta, lena n-áirítear measúnú ó na Ballstáit ar an gcóras nua. Déantar measúnú sa tuarascáil freisin ar leorgacht an chórais i ndáil leis na hathruithe a rinneadh in 2021, agus aird ar leith á tabhairt ar an meánráta ualaithe ilbhliantúil. Tugtar faisnéis sa tuarascáil freisin faoin líon Ballstát a chuireann meánráta ualaithe i bhfeidhm fós, faoi réir forchoimeádas agus faisnéis faoi aon athrú ar rátaí náisiúnta CBL.

## 1.1. Forbairt an chórais acmhainní dílse

Is cáin choiteann é CBL a íocann gach tomhaltóir deiridh agus earraí nó seirbhísí á dtomhailt acu sa mhargadh aonair. Cuireann na Ballstáit uile an cháin i bhfeidhm mar cháin tomhaltais faoina bhfuil bonn leathan laistigh de chreat coiteann a leagtar síos le Treoracha ón Aontas. Is príomh-chomhpháirt den mhargadh aonair í an cháin choiteann sin, arb é an margadh aonair féin ceann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas.

**Tugadh isteach an córas acmhainní dílse CBL-bhunaithe in 1970**[2] agus cuireadh i bhfeidhm de réir a chéile é, i gcomhréir leis an gcomhchuibhiú céimnitheach trí Threoracha maidir le CBL. Tar éis don chóras a bheith tugtha isteach, tháinig ioncaim bunaithe ar CBL, in éineacht le dleachtanna custaim agus tobhaigh talmhaíochta, in ionad ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit de réir a chéile. Chun go mbeadh buiséad an Aontais á mhaoiniú go hiomlán le hacmhainní dílse, bhí ioncaim CBL-bhunaithe ina méid comhardúcháin lena ndéanfaí ioncam agus caiteachas a chomhionannú tríd an ráta glaoite isteach is infheidhme a shocrú mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil.

**In 1988, tugadh isteach ranníocaíocht an ollioncaim náisiúnta (OIN) mar an acmhainn dhílis chomhardúcháin nua.** Measadh go raibh nasc níos dlúithe idir an acmhainn dhílis nua sin agus gníomhaíocht eacnamaíoch náisiúnta, rud a thug ranníocaíochtaí gach Ballstáit i gcomhréir níos mó lena chumas íocaíochta. In imeacht na mblianta, is cuid níos suntasaí de bhuiséad an Aontais í an acmhainn dhílis OIN-bhunaithe anois, toisc gur laghdaíodh ráta glaoite isteach na hAcmhainne Dílse


[1] Airt. 13a de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021.
[2] Cinneadh 70/243 ECSC, CEE, Euratom ón gComhairle an 21 Aibreán 1970.

CBL-bhunaithe go hincriminteach, ó 1,4 % in 1985[3] go dtí an leibhéal atá ann faoi láthair, is é sin, 0,3 %[4] (Cairt 1).

**Ríomhtar an ranníocaíocht Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe trí ráta glaoite isteach aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm** maidir le boinn measúnaithe CBL na mBallstát. Déantar meastachán ar na boinn measúnaithe sin trí rialacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm maidir leis na fáltais cánach CBL iarbhír a bhailíonn na Ballstáit agus, tar éis aon cheartúcháin is gá, roinntear iad ar mheánráta CBL ualaithe tírshonrach. Le himeacht ama, rinneadh roinnt coigeartuithe. Ar an gcéad dul síos, chun na Ballstáit a chosaint, arb iad na Ballstáit a bhfuil sciartha tomhaltais níos airde den éileamh críochnaitheach acu, agus chun laghdú a dhéanamh ar thionchair chúlchéimnitheacha ar thíortha atá níos boichte, cuireadh uasteorainn 50 % de OIN leis an mbonn measúnaithe i gcás Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe gach Ballstáit. Ar an dara dul síos, thairbhigh roinnt Ballstát de rátaí glaoite isteach laghdaithe go dtí 2020[5].

Tá laghdú tagtha ar an sciar Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe le himeacht ama. In 2024, is thart ar 14 % de na hioncaim a bhailítear le haghaidh bhuiséad an Aontais an sciar sin.

**Cairt 1 – Éabhlóid na n-ioncam 1958-2023**




*Foinse:* Seirbhísí an Choimisiúin

## 1.2. An creat maidir le Cáin Bhreisluacha go dtí athchóiriú 2021

**Go dtí 2021, bhí an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe faoi réir ríomhanna casta.** Tháinig castacht na ríomhanna de thoradh dhá thoisc go príomha: (1) an gá atá le bonn measúnaithe CBL

[3] In 1970, socraíodh an ráta glaoite isteach uasta ag 1 %. Bhí an méadú lenar tháinig an Spáinn agus an Phortaingéil isteach ina spreagadh chun an ráta glaoite isteach uasta a mhéadú go dtí 1,4 %. Le Cinneadh 2000/597/CE an 29 Meán Fómhair 2000, laghdaíodh an ráta glaoite isteach, rud a d'fhág gur 0,5 % a bhí i gceist.

[4] Airgeadas Poiblí an Aontais Eorpaigh, 2014.

[5] Don tréimhse 2007-2013, ba é 0,225 % an ráta glaoite isteach don Ostair, 0,14 % don Ghearmáin agus 0,1 % don tSualainn agus don Ísiltír. Don tréimhse 2014-2020, laghdaíodh an ráta glaoite isteach go dtí 0,15 % don Ghearmáin, don Ísiltír agus don tSualainn. Ó 2021 ar aghaidh, cuireann na Ballstáit sin an ráta glaoite isteach aonfhoirmeach 0,3 % i bhfeidhm freisin.

‘barúlach’ a fháil, ar bonn é a chomhfhreagraíonn do chur i bhfeidhm comhchuibhithe na dTreoracha maidir le CBL; (2) an iliomad rátaí CBL a bheith ann, rud a fhágann nach mór an meánráta ualaithe a ríomh ar bhonn bliantúil.

A mhéid a bhaineann leis an gcéad toisc, bhí gá le cuid mhór ceartúchán agus cúiteamh staitistiúil chun an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a chomhchuibhiú. Leis na *ceartúcháin*, coigeartaíodh na fáltais CBL le haghaidh gnéithe nár bhain le CBL.

Ba é 0,5 % d’iomlán na bhfáltas le haghaidh na tréimhse 2016-2019 iad na ceartúcháin sin. Ba é ba chuspóir do na *cúitimh staitistiúla* maoluithe náisiúnta ón Treoir maidir le CBL a ‘neodrú’. Thart ar 0,5 % den bhonn measúnaithe le linn na tréimhse céanna ba ea na cúitimh sin (féach Táblaí 4 agus 5 le haghaidh sonraí). Tá liosta de na ceartúcháin agus na cúitimh uile in Iarscríbhinn 3.

A mhéid a bhaineann leis an dara toisc, chun an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a ríomh le haghaidh bliain féilire ar leith, bhí ar Bhallstát an glanioncam CBL iomlán a bailíodh le linn na bliana sin a roinnt ar an ráta CBL a toibhíodh sa Bhallstát sin le linn na bliana céanna. Mar sin féin, má cuireadh níos mó ná aon ráta CBL amháin i bhfeidhm i mBallstát, ríomhadh an bonn measúnaithe comhchuibhithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe tríd an nglanioncam CBL iomlán a bhí bailithe a roinnt ar mheánráta ualaithe CBL na tíre sin. Cinneadh an mhodheolaíocht sin i Rialachán 1553/89 ón gComhairle maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú.

## 1.3. Athchóiriú 2021

### Ríomhanna simplithe

Chun nach mbeadh an córas chomh casta céanna agus chun an t-ualach riaracháin ar an gCoimisiún agus ar riaracháin na mBallstát a laghdú, simplíodh an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe, ag tosú le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

Ar an gcéad dul síos, baineadh amach formhór na gcoigeartuithe le haghaidh maoluithe agus díolúintí (*ceartúcháin* agus *cúitimh*), rud a d’fhág go raibh sé níos éasca na ríomhanna a dhéanamh.

Ar an dara dul síos, faoin gcóras nua, tá sé níos éasca an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a ríomh, trí fháltais CBL náisiúnta a roinnt ar an meánráta ualaithe CBL bunaithe ar bhliain tagartha sheasta, seachas úsáid a bhaint as ráta ualaithe a ríomhtar le haghaidh gach bliain. Is í 2016 an bhliain tagartha a socraíodh don mheánráta ualaithe sin (WAR) agus cuirtear i bhfeidhm í i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 tríd síos. Leanfar dá húsáid ina dhiaidh sin, go dtí go n-athrófar Rialachán 1553/89 ón gComhairle.

Mar a bhí sa chóras roimhe seo, cuirtear uasteorainn 50 % de OIN gach Ballstáit le boinn measúnaithe CBL gach Ballstáit, chun teorainn a chur le cúlchéimnitheacht na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe. Ar deireadh, ó 2021 ar aghaidh, cuirfear ráta glaoite isteach aonfhoirmeach 0,3 % i bhfeidhm maidir le bonn measúnaithe CBL gach Ballstáit.

Is iad na fáltais bhailithe an túsphointe fós chun an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe críochnaitheach a ríomh. Ba cheart an CBL uile dá bhailítear a mheas. Aon ní dá dtaifeadann Ballstáit mar CBL nach cáin de chineál CBL atá ann, amhail fíneálacha nó ús déanach, ba cheart, dá bhrí sin, é a asbhaint. Léirítear in Iarscríbhinní 1 agus 2 an ráiteas airgeadais nach mór do na Ballstáit a chur isteach gach bliain faoin seanchóras agus faoin gcóras nua araon.

**Tábla 1 – Comparáid idir an seanchóras acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus an córas nua**

| | 2014-2020 | 2021-2027 | Difríochtaí |
|---|---|---|---|
| **Fáltais CBL** | Ioncaim CBL arna bhailiú ag na Ballstáit lúide aisíocaíochtaí CBL | Ioncaim CBL arna bhailiú ag na Ballstáit lúide aisíocaíochtaí CBL | Gan aon difríocht |
| **Ceartúcháin** | Ceartúcháin mar a cheanglaítear le Rialachán 1553/89[6] | Ceartúcháin le haghaidh raon feidhme críochach[7] agus cásanna ina n-imítear ón Treoir maidir le CBL, agus iad sin amháin | Laghdú ar an líon ceartúchán |
| **Meánráta ualaithe (WAR)** | Arna ríomh gach bliain | Cuirtear WAR reoite 2016 i bhfeidhm | Gan aon chás breise ina ríomhtar an meánráta ualaithe |
| **Cúiteamh** | Is infheidhme cúitimh | Ní infheidhme cúitimh | Gan aon chúiteamh eile |
| **Sainmhíniú ar an mbonn measúnaithe CBL** | Fáltais CBL (+/- ceartúcháin) /$WAR_N$ + cúitimh | Fáltais CBL (+/- ceartúcháin) /$WAR_{2016}$ | Ríomh níos éasca |
| **Uasteorannú** | Ní airde an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe ná 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit | Ní airde an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe ná 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit | Gan aon difríocht |
| **Ráta glaoite isteach** | 0,3 % (seachas an Ísiltír, an Ghearmáin agus an tSualainn a chuireann ráta 0,15 % i bhfeidhm) | 0,3 % i gcás na mBallstát uile | Gan aon eisceacht eile |

## Rialuithe spriocdhírithe

**Déanann an Coimisiún cigireachtaí ar an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe** mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(4) de Rialachán 2021/768 ón gComhairle lena leagtar síos bearta cur chun feidhme don chóras acmhainní dílse. Déantar cigireachtaí chun a fhionnadh go ndearnadh na hoibríochtaí chun an méid iomlán glan CBL arna bhailiú a ríomh i gceart, gurbh iomchuí na sonraí a úsáideadh, agus go bhfuil na ríomhanna chun méid na hacmhainne dílse sin a chinneadh ceart.

Is é is cuspóir foriomlán do na cigireachtaí a áirithiú go ranníocann gach Ballstát an méid ceart den Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe le buiséad an Aontais. Le linn na gcigireachtaí, seiceálann an Coimisiún gach gné de ráitis bhliantúla an bhoinn measúnaithe CBL (fáltais, ceartúcháin ar fháltais, meánráta ualaithe 2016 (más faoi fhorchoimeádas é), etc.). Is é is aidhm freisin do na cigireachtaí freisin dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil córais agus nósanna imeachta náisiúnta chun an bonn measúnaithe CBL a chinneadh iontaofa, éifeachtach, cruinn, uileghabhálach, agus i gcomhréir leis an

[6] Tá teimpléad den ráiteas achomair in Iarscríbhinn 1 ina mionsonraítear na ceartúcháin agus na cúitimh uile a cuireadh i bhfeidhm sa seanchóras.
[7] Mar a shonraítear in Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2006/112/CE (Treoir maidir le CBL).

dlí is infheidhme de chuid an Aontais, i dtéarmaí a raoin feidhme agus a modha, agus i dtéarmaí cháilíocht na sonraí a úsáidtear.

**Fágann na hathruithe a tháinig i bhfeidhm de thoradh an chórais nua go bhfuil sé i bhfad níos éasca** ráitis bhliantúla a chur ar fáil, cigireachtaí a ullmhú agus a dhéanamh. Fágann siad freisin go bhfuil sé i bhfad níos éasca do na Ballstáit agus don Choimisiún araon cigireachtaí a dhéanamh agus obair leantach a dhéanamh ina leith. Leis na hathruithe freisin, scoireadh de líon suntasach ríomhanna, mar a léirítear i dTáblaí 4 agus 5. Tá cúrsaí níos éasca freisin de thoradh go n-úsáidtear céatadán mheánráta ualaithe 2016 in ionad ráta nua a ríomh le haghaidh gach bliain.

Cuireann na hathruithe sin ar a gcumas do na Ballstáit níos lú acmhainní a úsáid don chleachtadh sin, agus is éard atá i gceist leis sin: cuireann na húdaráis náisiúnta ráitis bhliantúla ar fáil, soláthraítear na sonraí le haghaidh na ríomhanna difriúla, ar sonraí iad a fhaightear go minic ó ghníomhaireachtaí eile stáit agus/nó ó sholáthraithe foinsí sonraí seachtracha eile. Is lú anois an méid ama is gá do na húdaráis náisiúnta a chaitheamh chun ullmhú le haghaidh cigireachtaí agus chun páirt a ghlacadh iontu.

Leis an simpliú, laghdaíodh an t-ualach oibre don Choimisiún freisin. Go háirithe, laghdaíodh go mór an méid ama a chaitear ar chigireacht a ullmhú agus a dhéanamh. Le cigireachtaí a dhéantar faoin gcóras nua (sna blianta 2021 agus 2022), tugadh aird ar leith ar na seiceálacha chun a áirithiú gur éifeachtach agus éifeachtúil iad na córais atá curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun fáltais CBL bhailithe a bhailiú, a chomhiomlánú agus a thuairisciú. Mar sin féin, nuair a bhí an córas nua fós ina thús, díríodh in éineacht leis na Ballstáit freisin leis na cigireachtaí ar aghaidh a thabhairt ar na forchoimeádais oscailte ó bhlianta roimhe sin lenar tagraíodh do mhíreanna ríofa ar scoireadh díobh ina dhiaidh sin. Ós rud é go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an líon forchoimeádas a bhaineann leis an gcóras a bhí ann roimhe, tiocfaidh méadú le himeacht ama ar an gcoigilteas ama i dtaca le cigireachtaí a dhéantar faoin gcóras nua. Seachas an obair ar fhorchoimeádais ón seanchóras, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar an am cigireachta, ó 1 seachtain amháin ar an meán go 2-2,5 lá, ag brath ar an líon sáruithe.

Leis na tairbhí a bhí i gceist le simpliú 2021, fuarthas moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtuairim Uimh. 11/2020 uaithi[8] lena ndeimhnítear an laghdú lena bhfuil coinne ar an ualach riaracháin do na Ballstáit agus don Choimisiún araon gan difear suntasach a dhéanamh do chruinneas na ranníocaíochtaí atá bunaithe ar CBL.

# 2. Éifeachtacht an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe

Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais, déantar anailís sa roinn seo ar a mhéid a cosnaíodh buiséad an Aontais go leormhaith agus ar a mhéid a bailíodh an ranníocaíocht CBL go cuí. Déantar meastóireacht inti freisin ar éabhlóid na mbonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-

[8] Tuairim Uimh. 11/2020 (de bhun Airteagail 287(4) agus Airteagal 322(2), an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) maidir leis an dréacht-Rialachán (AE, Euratom) ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (doiciméad 12771/20, comhad idirinstitiúideach 2018/0133 (NLE)) (europa.eu).

bhunaithe agus a comhpháirteanna difriúla chun measúnú a dhéanamh ar an difear a rinneadh leis an simpliú ar an acmhainn dhílis[9].

## 2.1. Éabhlóid na mbonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe

**Ó bhí 2016 ann, is ag dul in airde atá an treocht ó thaobh an bhoinn measúnaithe Acmhainne Cánach Breisluacha de,** cé is moite de 2020[10], ainneoin na n-athruithe a tugadh isteach le hathchóiriú 2021.[11] Bhí tionchar ag roinnt teagmhas ar an éabhlóid sin, arbh í paindéim COVID-19 in 2020 an ceann ba thábhachtaí, mar aon le tionchair mhaicreacnamaíocha eile amhail méaduithe ar phraghsanna in 2021 agus 2022, a rinne difear don tomhaltas agus do CBL a bailíodh sa gheilleagar (Cairteanna 2 agus 3).

**Leanadh den éabhlóid chéanna ó thaobh ioncaim na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe** go dtí 2019, agus is lú a bhí sé sin i gceist sna blianta ina dhiaidh sin (Tábla 3). Tá ról ag an tionchar a bhain le huasteorainn 50 % de OIN a chur leis an mbonn measúnaithe Acmhainne Cánach Breisluacha, ach is é an phríomhchúis atá leis sin gur i mblianta níos déanaí a léireofar an difríocht iomlán idir na hioncaim réamhaisnéisithe agus na hioncaim a bheidh i gceist leis an mbonn measúnaithe Acmhainne Cánach Breisluacha críochnaitheach, agus an uair sin amháin, mar gheall ar an aga moille a bhíonn i gceist leis an gcleachtadh maidir le hiarmhéideanna. .

**Tábla 2 – Éabhlóid bhoinn Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe comhiomlánaithe AE-27**

| EUR milliúin | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021* | 2022* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe** | 5 231 083 | 5 564 631 | 5 838 647 | 6 005 905 | 5 654 042 | 6 355 460 | 7 154 323 |
| **Ráta fáis bliantúil** | | 6,4 % | 4,9 % | 2,9 % | -5,9 % | 12,4 % | 12,6 % |

*Foinse:* Ráitis CBL.

Mínítear an modh ríofa i gcás an bhoinn measúnaithe CBL in Iarscríbhinn 1 don seanchóras agus in Iarscríbhinn 2 don chóras nua.

*Ó 2021 ar aghaidh, faightear an bonn measúnaithe trí na glanfháltais a roinnt ar mheánráta ualaithe 2016.

**Tábla 3 – Éabhlóid na n-ioncam ó bhoinn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe chomhiomlánaithe AE-27**

[9] Ríomhtar na sonraí a úsáidtear i roinn 2 den tuarascáil ó mhí an Mhárta 2024

[10] In Iarscríbhinn 5 cuirtear i láthair éabhlóid na mbonn measúnaithe CBL in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh na tréimhse 2016-2022.

[11] Ó 2021 ar aghaidh ríomhtar na boinn measúnaithe CBL trí na fáltais a roinnt ar mheánráta ualaithe 'reoite' 2016, ach roimhe sin, úsáideadh an meánráta ualaithe bliantúil iarbhír

| EUR milliúin | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim ón mbonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe** | 15 859 | 16 947 | 17 624 | 18 128 | 17 858 | 18 340 | 19 666 |
| **Ráta fáis bliantúil** | | 6,9 % | 4,0 % | 2,9 % | -1,5 % | 2,7 % | 7,2 % |

*Foinse:* Cuntais Bhliantúla an Choimisiúin Eorpaigh.


Ríomhtar an t-ioncam tríd an ráta glaoite isteach a chur i bhfeidhm maidir leis an mbonn measúnaithe CBL tar éis an uasteorannaithe. Déantar an bonn measúnaithe CBL a choigeartú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as na torthaí ón gcleachtadh maidir le hiarmhéideanna (Roinn 2.2) chun na hioncaim CBL a ríomh. In Iarscríbhinn 4 freisin, léirítear comparáid idir boinn measúnaithe CBL na mBallstát inarb infheidhme an t-uasteorannú.

Is féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar fhorbairt an bhoinn measúnaithe CBL trí fhéachaint ar phríomhchúiseanna spreagtha na forbartha sin. Ar na príomhchatagóirí caiteachais arb iad a dhéanann an bonn measúnaithe CBL, áirítear tomhaltas teaghlaigh phríobháidigh, ceannacháin rialtais, agus ollfhoirmiú caipitil sheasta (GFCF) arna dhéanamh ag an rialtas. I dteannta a chéile, cuimsíonn na catagóirí sin thart ar 88 % den bhonn measúnaithe CBL iomlán (2020), agus is é caiteachas tomhaltais idirmheánaigh arna dhéanamh ag gnólachtaí an phríomhchuid den fhuílleach. Ina measc sin, is é tomhaltas teaghlaigh phríobháidigh an chatagóir is suntasaí, a bhfuil idir 60 % agus 80 % den chaiteachas faoi réir CBL, de réir an Bhallstáit, i gceist leis.

Ag féachaint ar thascairí na gcuntas náisiúnta i bpraghsanna reatha mar thascairí ionadacha le haghaidh na dtrí phríomh-chomhpháirt den bhonn measúnaithe CBL[12], **ba é an tomhaltas teaghlaigh phríobháidigh príomhchúis spreagtha an fháis sa bhonn measúnaithe CBL idir 2016 agus 2022**, rud a rannchuidigh le 74 % dá mhéadú iomlán ar an meán do AE-27 (Cairt 2).

[12] Úsáidtear na táscairí maicreacnamaíocha sin freisin sa nós imeachta bliantúil chun an bonn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a réamhaisnéisiú le haghaidh an bhuiséid bhliantúil.


**Cairt 2 – Forbairt na dtáscairí maicreacnamaíocha le haghaidh chomhpháirteanna an bhoinn measúnaithe CBL (2016 go 2022)**




Foinse: Réamhaisnéisí an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD). Ríomhanna dílse

A mhéid a bhaineann le forbairt an chaiteachais ar an tomhaltas príobháideach ar leibhéal AE-27 (Cairt 3), bhí ról mór ag an mboilsciú in 2021 agus 2022.

**Cairt 3 – Éabhlóid an bhoilscithe agus an tomhaltais phríobháidigh ag praghsanna reatha 2016-2022**
**AE-27**




*Foinse:* Réamhaisnéisí Fhómhar 2023 ón gCoimisiún

**Ní raibh tionchar suntasach ag simpliú an chórais CBL ar éabhlóid an bhoinn.** Tá toisc ualúcháin gach ceann de phríomh-chomhpháirteanna ráitis CBL na mBallstát réasúnta cobhsaí fós, cé is moite de cheartúcháin a bhfuil méadú tagtha orthu i ndearbhthéarmaí tar éis an athchóirithe (Tábla 4). Ní airde ná 0,1 % de na glanfháltais tionchar na gceartúchán nach bhfuil feidhm acu a thuilleadh, agus níl níos mó ná 0,6 % den bhonn measúnaithe CBL iomlán i gceist leis na cúitimh (Táblaí 5 agus 6). Tháinig méadú ar dhearbhluach na gcúiteamh in 2019 agus 2020 mar gheall ar

athruithe ar na díolúintí a chuir na Ballstáit i bhfeidhm; mar shampla, tá tairseach níos airde tugtha isteach ag an Iodáil le haghaidh na scéime um ghnólachtaí beaga díolmhaithe. Déantar roinnt cúitimh theoranta (amhail na cúitimh sin a bhaineann le sáruithe ar an Treoir maidir le CBL) a thaifeadadh mar cheartúcháin sa chóras nua, rud a mhíníonn an méadú beag ar thoisc ualúcháin na gceartúchán in 2021 agus 2022.

**Tábla 4 – Éabhlóid phríomh-chomhpháirteanna na ráiteas CBL (AE-27)**

| AE-27 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceartúcháin (milliún EUR)** | 4 612 | 5 041 | 5 546 | 6 256 | 6 212 | 9 414 | 14 754 |
| **Ceartúcháin mar chéatadán de ghlanfháltais (%)** | 0,53 % | 0,55 % | 0,57 % | 0,63 % | 0,68 % | 0,89 % | 1,24 % |
| **Cúitimh (milliún EUR)** | 8 013 | 23 179 | 27 328 | 34 974 | 35 809 | | |
| **Cúitimh mar chéatadán den bhonn measúnaithe CBL iomlán (%)** | 0,15 % | 0,42 % | 0,47 % | 0,58 % | 0,63 % | N/B | N/B |

*Foinse:* Ráitis CBL agus ríomhanna dílse.

**Tábla 5 – Éabhlóid ar cheartúcháin mar chéatadán de ghlanfháltais***

| AE27 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fiontair bheaga a ngearrtar cáin orthu (%)** | -0,03 % | -0,03 % | -0,03 % | -0,03 % | -0,02 % |
| **Faoiseamh cánach grádaithe (%)** | 0,01 % | 0,01 % | 0,01 % | 0,01 % | 0,01 % |
| **Feirmeoirí ar ráta comhréidh (%)** | -0,08 % | -0,05 % | -0,06 % | -0,05 % | -0,07 % |
| **Iomlán na gceartúcháin ar scoireadh díobh (%)** | -0,10 % | -0,07 % | -0,08 % | -0,07 % | -0,08 % |

*Foinse:* Ráitis CBL agus ríomhanna dílse.
*Cuireadh deireadh leis na ceartúcháin sin in 2021.

**Tábla 6 – Éabhlóid na gcúiteamh mar chéatadán den bhonn measúnaithe CBL iomlán***

| AE-27 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fiontair bheaga dhíolmhaithe (%)** | 0,22 % | 0,25 % | 0,27 % | 0,43 % | 0,46 % |
| **Cúiteamh Iarscríbhinn X cuid A[13] (%)** | -0,11 % | -0,11 % | -0,10 % | -0,09 % | -0,10 % |
| **Cúiteamh Iarscríbhinn X cuid B[14] (%)** | 0,45 % | 0,48 % | 0,50 % | 0,52 % | 0,53 % |
| **Gluaisteáin (%)** | -0,29 % | -0,29 % | -0,29 % | -0,29 % | -0,29 % |

[13] Is iad na cúitimh a chuimsítear faoi Iarscríbhinn X cuid A teicneoirí déidliachta, raidió poiblí agus teilifís phoiblí, foirgnimh agus talamh tógála, gníomhairí taistil.
[14] I measc na gcúiteamh a chuimsítear faoi Iarscríbhinn X cuid B tá cead isteach chuig imeachtaí spóirt, gairmeacha beatha liobrálacha, teileachumarsáid phoiblí, créamadh agus adhlacóirí, daoine dalla, comóradh na n-íospartach cogaidh, ospidéil phríobháideacha, uisce poiblí, foirgnimh nua agus talamh tógála, iompar paisinéirí, aerárthaí, longa cogaidh, gníomhairí taistil (laistigh den Aontas).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas le haghaidh gluaisteán (%)** | -0,22 % | -0,21 % | -0,19 % | -0,23 % | -0,23 % |
| **Cúitimh iomlána (%)** | 0,15 % | 0,42 % | 0,47 % | 0,58 % | 0,63 % |

*Foinse:* Ráitis CBL agus ríomhanna dílse.

* Cuireadh deireadh leis na cúitimh sin in 2021.

**Tábla 7 – Anailís ar an mbonn measúnaithe CBL sa tréimhse 2016-2022**

| milliún EUR AE-27 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fáltais** | 868 503 | 917 138 | 959 113 | 992 668 | 913 713 | 1 056 431 | 1 182 601 |
| **Glanfháltais** | 873 114 | 922 179 | 964 658 | 998 924 | 919 926 | 1 059 404 | 1 185 813 |
| **Meánráta ualaithe** | 16,72 % | 16,64 % | 16,60 % | 16,73 % | 16,37 % | 16,72 % | 16,72 % |
| **Cúitimh iomlána** | 8 013 | 23 179 | 27 328 | 34 974 | 35 809 | - | - |
| **Bonn deiridh (gan uasteorannú)** | 5 231 083 | 5 564 631 | 5 838 647 | 6 005 905 | 5 654 042 | 6 355 460 | 7 154 323 |
| **Fás bliantúil an bhoinn chríochnaithigh** | | 6,38 % | 4,92 % | 2,86 % | -5,86 % | 12,40 % | 12,57 % |

*Tabhair faoi deara:* Is é meánráta ualaithe reoite 2016 an meánráta ualaithe le haghaidh 2021 agus 2022.
*Foinse:* Ráitis CBL.

## 2.2. Ioncaim Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe a bhailiú

Íocann na Ballstáit an ranníocaíocht Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe go míosúil in éineacht leis na hacmhainní dílse eile. Bailíonn an Coimisiún na hioncaim CBL agus é bunaithe, i dtosach báire, ar mheastacháin ar na boinn measúnaithe CBL arna gcomhaontú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ag an gCoiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (ACOR/Réamhaisnéis). Déantar na ranníocaíochtaí CBL a ríomh agus a íoc ar bhonn na réamhaisnéisí, mar sin is gá iad a choigeartú de réir na bhfíorshonraí a sholáthraítear sna ráitis CBL níos déanaí. D'fhéadfaí modhnuithe ar na boinn measúnaithe CBL le haghaidh na 4 bliana roimhe sin a chuimsiú sna ráitis CBL freisin. I gcás forchoimeádais a thugann an Coimisiún nó na Ballstáit isteach, is féidir sonraí le haghaidh blianta roimhe a choigeartú freisin.

Ríomhann an Coimisiún an difríocht do gach Ballstát idir réamhaisnéis na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe agus na sonraí is déanaí a sholáthraítear sna ráitis (na hiarmhéideanna).

Cuireann an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi thoradh ríomh na n-iarmhéideanna roimh an 1 Feabhra den bhliain tar éis na bliana inar cuireadh isteach na sonraí le haghaidh an ráitis, agus is gá do na Ballstáit na méideanna a chur ar fáil an chéad lá oibre de mhí an Mhárta den bhliain tar éis na bliana inar chuir an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi ríomh na n-iarmhéideanna. Mura ndéanann na Ballstáit na híocaíochtaí is gá, féadfar ús a chur i bhfeidhm (tarscaoiltear úis níos lú ná EUR 1 000).

**Tábla 8 – Coigeartuithe CBL (iarmhéideanna)***

| AE-27 milliún EUR | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéideanna CBL mar gheall ar dhifríochtaí idir an chéad ráiteas agus an réamhaisnéis** | 313 | 418 | 502 | 403 | - 54 | 1,011 | 1,734 |
| **Iarmhéideanna CBL mar gheall ar athbhreithnithe ar ráitis roimhe** | 87 | 6 | 23 | - 1 | 121 | 97 | 125 |
| **Coigeartuithe iomlána AE-27** | 400 | 424 | 525 | 402 | 68 | 1,108 | 1,859 |

*Foinse:* Cuntais bhliantúla an Aontais agus ríomhanna de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. In Iarscríbhinn 6 soláthraítear éabhlóid na gcoigeartuithe CBL in aghaidh an Bhallstáit.

* Leis an gcleachtadh maidir le hiarmhéideanna, coigeartaítear na sonraí go bliantúil le haghaidh na bliana is déanaí atá ar fáil agus le haghaidh bhlianta roimhe sin.

Leis an gcóras nua chun an bonn acmhainní dílse a ríomh, ní dhearnadh difear don phróiseas chun an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe agus na coigeartuithe uirthi (iarmhéideanna) a ríomh agus a bhailiú. Níl aon íocaíocht atá dlite gan íoc.

Tá toradh na gcleachtaí maidir le hiarmhéideanna le haghaidh 2021 agus 2022 cuid mhaith níos airde ná mar a bhí le haghaidh blianta roimhe, agus tá na coigeartuithe níos mó i gcás fhormhór na mBallstát (féach Iarscríbhinn 6 freisin). An phríomheilimint a rannchuidíonn leis na héagsúlachtaí sin, sin é ceartú na réamhaisnéisí le haghaidh boinn measúnaithe CBL 2021 agus 2022 a úsáideadh chun buiséid ábhartha an Aontais a mhaoiniú, mar gheall ar an méadú gannmheasta ar an ráta boilscithe.

Déanann an Coimisiún measúnú leanúnach ar bhailiú na n-ioncam CBL ag na Ballstáit agus ar thabhairt isteach na mbeart chun bailiú cuí na gcistí CBL a mhéadú (Bosca 1).

**Bosca 1: Tionscnaimh chun feabhas a chur ar bhailiú cuí na gcistí CBL sna Ballstáit**

Is thart ar 2 % de na hioncaim CBL dá mbailíonn na Ballstáit a bhíonn i gceist leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe. Dá bhrí sin, is iad buiséid náisiúnta go príomha a thairbhíonn de bhearta chun feabhas a chur ar bhailiú na n-ioncam CBL, ach tairbhíonn méid áirithe de bhuiséad an Aontais díobh freisin.

CBL a bhailiú – An naoú tuarascáil maidir le nósanna imeachta clárúcháin, bailithe agus rialaithe CBL
(Airteagal 12 de Rialachán 1553/89)

Gach 5 bliana, ullmhaíonn an Coimisiún tuarascáil maidir leis na bearta a rinne na Ballstáit agus an dul chun cinn a rinne siad i ndáil le CBL a bhailiú agus le haon fheabhsú a rinneadh. Tar éis an mheasúnaithe a d'eisigh an Coimisiún sa tuarascáil dheireanach a foilsíodh i mí Aibreáin 2022[15], sholáthair an Coimisiún 39 moladh chun feabhas a chur ar chóras na mBallstát chun CBL a bhailiú.

Cumhdaítear go príomha leis na moltaí próisis na mBallstát chun CBL a bhailiú, mar atá, clárú CBL agus anailís riosca, teicneolaíocht faisnéise CBL agus teicneolaíochtaí nua, comhdú agus íoc, bailiú fiach CBL, aisíocaíochtaí agus iniúchtaí, cuntasaíocht CBL, cuntasacht, agus díospóidí. Cuirfear feabhas ar leorgacht an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe le haghaidh bhuiséad an Aontais ach na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme go gasta.

Sin é an fáth, i gconclúidí na tuarascála, gur iarr an Coimisiún ar na Ballstáit gníomhú de réir a mholtaí, ní hamháin chun cuidiú le giniúint an ioncaim cánach is gá chun freagairt do na dúshláin mhóra atá roimh an Aontas, ach freisin chun an iomaíocht a dhéanamh níos cothroime sa mhargadh inmheánach agus chun an bealach a réiteach i dtreo téarnamh tar éis na paindéime a bheidh níos tapúla agus níos marthanaí.

**Athruithe ar an reachtaíocht maidir le CBL lena ndéileálfar leis an ngannbhailiú agus leis an gcalaois.**

[15] eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022DC0137

Ón 1 Iúil 2021, bhí an mion-ionad ilfhreastail (MOSS), a cuireadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015, ina ionad ilfhreastail (OSS)[16], lena gcumhdaítear raon soláthairtí níos leithne agus tá simplithe breise tugtha isteach leis. Cumhdaítear trí scéim ar leith leis an ionad ilfhreastail méadaithe sin: an scéim neamh-AE, scéim an Aontais, agus an scéim allmhairiúcháin.

Leathnaíodh raon feidhme na scéime neamh-AE agus scéim an Aontais atá ann cheana, ach is scéim nua í an scéim allmhairiúcháin. Leis na scéimeanna ar leith sin, cuirtear ar a gcumas do dhaoine inchánach CBL atá dlite a dhearbhú agus a íoc i mBallstáit nach bhfuil siad bunaithe iontu (i gcoitinne) trí úsáid a bhaint as tairseach ghréasáin sa Bhallstát ina sainaithnítear iad (Ballstát aitheantais). Leis sin, déantar na costais a bhaineann le clárú le haghaidh CBL i roinnt Ballstát a choigilt do cháiníocóirí.

Úsáidtear na scéimeanna sin go forleathan. In 2022, bhailigh na Ballstáit níos mó ná EUR 17 mbilliún, in éineacht le chéile, trí thairseach leathnaithe an ionaid ilfhreastail lena gcumhdaítear díolacháin ar líne san Aontas. Bailíodh EUR 2,5 billiún d'ioncaim CBL ar allmhairí earraí ríomhthráchtála freisin. Cuimsítear leis sin na hioncaim nua CBL a gineadh trí dheireadh a chur leis an díolúine ó CBL a raibh feidhm aici roimhe maidir le hallmhairí earraí ar luach íseal nach mó ná EUR 22 ar rímhinic a dhéantaí calaois ina leith[17]. Trí é a dhéanamh níos éasca na rialacha a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin an chomhlíontacht a spreagadh, rannchuidíonn na scéimeanna le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ós rud é gurb é an ráta CBL céanna a chuirtear i bhfeidhm i gcás na ndíoltóirí uile gan beann ar an áit a bhfuil siad bunaithe.

I mí an Mhárta 2018, de thoradh an tuarascáil[18] a thíolaic an Coimisiún don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le héifeachtaí Airteagail 199a agus 199b de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcalaois a chomhrac (an tuarascáil), tháinig tionscnamh reachtach tábhachtach eile lenar cuireadh feabhas ar leorgacht an chórais chun CBL a bhailiú agus ar chomhlíonadh na Treorach maidir le CBL.

De réir na tuarascála, mheas na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara i gcoitinne gur uirlis éifeachtach é an sásra aistrithe táillí a leagtar amach in Airteagal 199a de Threoir 2006/112/CE chun calaois CBL a chomhrac nó a chosc sna hearnálacha lena mbaineann. Dá bhrí sin, le teacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2018/1695 ón gComhairle agus Threoir (AE) 2022/890 ón gComhairle, cuireadh síneadh le cur i bhfeidhm na mbeart sin ar feadh tréimhse theoranta, go dtí go dtiocfaidh an córas cinntitheach CBL atá beartaithe i bhfeidhm.

Ar deireadh, i mí na Nollag 2022, mhol an Coimisiún sraith beart chun córas CBL an Aontais a nuachóiriú agus chun gur fearr a d'oibreodh sé do ghnólachtaí agus chun é a dhéanamh níos

[16] Ghlac an Chomhairle na rialacha sin trí bhíthin Threoir 2017/2455 i mí na Nollag 2017 agus Threoir 2019/1995 (Féach an Téacs comhdhlúite: Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha).

[17] Foinse: Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim / Preaseisiúint dar dáta an 30/06/2023/ *EU VAT rules for e-commerce two years on: Updated revenue figures point again to a successful implementation* [Rialacha CBL an Aontais maidir leis an ríomhthráchtáil 2 bhliain ar aghaidh: Is léiriú ar chur chun feidhme rathúil arís iad na figiúirí ioncaim nuashonraithe].

[18] COM(2018) 118 final, 8.3.2018 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le héifeachtaí Airteagail 199a agus 199b de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcalaois a chomhrac..

athléimní in aghaidh na calaoise trí ghlacadh leis an digiteáil agus í a chur chun cinn[19]. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá an pacáiste reachtach á chaibidliú sa Chomhairle.

Cuideoidh na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe leis na Ballstáit suas le EUR 11 bhilliún bhreise in ioncaim CBL a bhailiú go bliantúil. Tá sé d'aidhm ag an bpacáiste reachtach, i measc cuspóirí eile, go n-aistreofar chuig an tuairisciú digiteach fíor-ama bunaithe ar an ríomhshonrascadh i gcás gnólachtaí a oibríonn ar bhonn trasteorann san Aontas, rialacha CBL maidir le hardáin iompair paisinéirí agus cóiríochta gearrthéarmaí a thabhairt cothrom le dáta, agus clárúchán aonair CBL a thabhairt isteach ar fud an Aontais.

De réir an mheasúnaithe tionchair[20], idir 2023 agus 2032, tá coinne leis go gcruinneofar idir EUR 172 bhilliún agus EUR 214 bhilliún i nglantionchair in aghaidh na bonnlíne leis an gcur chuige tosaíochta i leith beartais, is é sin, 'cur chuige feabhsaithe' (lena gcomhcheanglaítear ceanglais maidir leis an tuairisciú digiteach a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais, foráil maidir le soláthróirí measta le haghaidh na n-earnálacha cóiríochta agus iompair uile, agus síneadh a chur leis an ionad ilfhreastail ar bhonn níos leithne in éineacht leis an aistriú táillí agus ionad ilfhreastail allmhairiúcháin (IOSS) éigeantach).

Sábhálfar EUR 50,6 billiún leis an gcur chuige breisithe idir 2023 agus 2032: EUR 41,4 billiún ón tuairisciú CBL (EUR 11 bhilliún trí dheireadh a chur le hoibleagáidí tuairiscithe, EUR 24,2 billiún trí laghdú a dhéanamh ar chostais a bhaineann leis an ilroinnt, EUR 4,3 billiún trí thuairisceáin CBL réamhlíonta a úsáid, agus EUR 1,9 billiún ón ríomhshonrascadh); EUR 0,5 billiún ó chuíchóiriú agus soiléirithe i ndáil leis an ngeilleagar ardán; EUR 8,7 billiún ó oibleagáidí maidir le clárú CBL a bhaint.

Dá bhrí sin, tá coinne leis gur fearr a oibreoidh córas CBL an Aontais nuair a bheidh an tsraith beart sin glactha agus curtha chun feidhme go hiomlán ag na Ballstáit. Dá réir sin, leis an éifeachtacht mhéadaithe lena bhfuil coinne maidir le bailiú CBL ag na Ballstáit, ginfear tuilleadh ioncam ar mhaithe le buiséad an Aontais.

## 2.3. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

### Éabhlóid na bhforchoimeádas gan réiteach ó 2016 go 2022

**Is bealach iad forchoimeádais chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint** go dtí gur féidir leis an gCoimisiún dearbhú leormhaith a fháil maidir le hábhar na hacmhainne dílse.

Luaitear in Airteagal 9.2 de Rialachán 1553/89 ón gComhairle arna leasú 'ní dhéanfar aon cheartuithe eile ar na ráitis dá dtagraítear in Airteagal 7(1) tar éis an 31 Iúil den cheathrú bliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann, mura rud é go mbainfidh na ceartuithe sin le pointí ar thug an Coimisiún nó an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith roimhe sin'. Pointí ar tugadh fógra ina

[19] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach. Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach
Togra le haghaidh Rialachán cur chun feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL..

[20] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2022) 394 final.

leith roimhe, gairtear forchoimeádais díobh go coitianta. I gcás forchoimeádais, aon cheist maidir le modheolaíocht nó foinsí sonraí a úsáidtear agus a bhaineann le mír nach bhfuil aon chomhaontú ann ina leith idir an Coimisiún agus Ballstát, coimeádtar ina ceist oscailte í. Is féidir leis an gCoimisiún forchoimeádais a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna sáruithe nó i gcásanna ina bhféadfadh sé gur imigh na Ballstáit ón Treoir maidir le CBL. Is féidir leis na Ballstáit forchoimeádais a chur i bhfeidhm freisin má easaontaíonn siad leis an gCoimisiún.

Tugtar deimhneacht dhlíthiúil agus bhuiséadach áirithe do na Ballstáit le forchoimeádais. A luaithe a bheidh tréimhse chinnteachta curtha i bhfeidhm maidir le mír de ráiteas bliantúil (i.e. gan aon fhorchoimeádas), ní féidir í a athrú agus ní bheidh aon tionchar airgeadais ar an mír sin tar éis don tréimhse chinnteachta a bheith curtha i bhfeidhm.

**Tá laghdú beag tagtha ar an líon forchoimeádas le himeacht ama** (Tábla 9) agus tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú breise air toisc go mbaineann formhór na bhforchoimeádas leis an gcóras a bhí ann roimh 2021. Baineann formhór mór na bhforchoimeádas le míreanna de ráitis bhliantúla ar scoireadh díobh sa chóras nua (ag deireadh 2023 is é 30 a bhí i gceist leo sin as na 37 bhforchoimeádas a chuir an Coimisiún i bhfeidhm). Déileálfar leis na forchoimeádais sin de réir a chéile agus cuirfear deireadh leo diaidh ar ndiaidh mar gheall ar an gcóras nua a bheith á thabhairt isteach, mar sin tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an líon forchoimeádas le himeacht ama.

Ag deireadh 2023 bhí seacht bhforchoimeádas ann lenar cumhdaíodh blianta an chórais nua (2021-2022). An tráth céanna, ní raibh na cigireachtaí uile le haghaidh 2021 agus 2022 tugtha chun críche tráth na tuarascála seo, mar sin d'fhéadfadh méadú beag teacht ar an líon forchoimeádas a bhaineann leis an gcóras nua[21]. Is go príomha le sáruithe ar an Treoir maidir le CBL agus le cásanna inar imíodh uaithi a bhaineann forchoimeádais a cuireadh i bhfeidhm in 2021 agus 2022[22]. Baineann cuid de na forchoimeádais a cuireadh i bhfeidhm sna blianta roimhe le míreanna den ráiteas a choinneofar ar bun agus a réiteofar le linn na chéad timthriallta cigireachta eile.

**Tábla 9 – An líon forchoimeádas CBL oscailte**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit** | 16 | 15 | 12 | 10 | 17 | 17 | 11 | 13 |
| **Curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún** | 50 | 53 | 64 | 61 | 61 | 71 | 56 | 37 |
| **Bainteach le sáruithe** | 15 | 14 | 16 | 19 | 19 | 16 | 17 | 16 |
| **Iomlán** | 81 | 82 | 92 | 90 | 97 | 104 | 84 | 66 |
| **As an líon forchoimeádas a bhaineann leis an gcóras nua** | | | | | | | | 7 |

[21] Rinneadh cigireacht ar ráitis 2021 le haghaidh 22 Bhallstát (BE, BG, CZ, DK, DE, IE, EL, HR, IT, CY, LV, LU, HU, NL, AT, PL, PT, RO, SI, SK, FI agus SE), agus rinneadh cigireacht ar ráitis 2022 le haghaidh 12 Bhallstát (CZ, DK, DE, IE, HR, CY, HU, NL, AT, PL, FI, agus SE).

[22] D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama forchoimeádais a bhaineann le cásanna sáraithe a réiteach toisc go bhfuiltear ag fanacht le hanailís dhlíthiúil nó le rialuithe ón gCúirt Bhreithiúnais.

*Tabhair faoi deara:* An líon forchoimeádas a bhí oscailte an 31 Nollaig gach bliain (a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm sna blianta roimhe sin). In Iarscríbhinn 7, léirítear dáileadh na bhforchoimeádas ó Bhallstát go chéile freisin.

**Tábla 10 – Forchoimeádais CBL oscailte atá gan réiteach le fada***

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit** | 4 | 6 | 6 | 7 | 3 | 2 | 1 | 1 |
| **Curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún** | 2 | 6 | 1 | 4 | 5 | 3 | 9 | 7 |
| **Bainteach le sáruithe** | 3 | 2 | 3 | 4 | 6 | 5 | 4 | 3 |
| **Iomlán** | 9 | 14 | 10 | 15 | 14 | 10 | 14 | 11 |

*Foinse:* an Coimisiún Eorpach.

* Sainmhínítear forchoimeádas atá gan réiteach le fada mar fhorchoimeádas atá i bhfeidhm le breis agus 5 bliana cuntasaíochta.

**I gcás mheánráta ualaithe 2016**, a úsáideadh ag tosú le ráitis 2021 maidir leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe, tá forchoimeádas amháin nó níos mó ag trí Bhallstát. Ciallaíonn sé sin, i gcás na mBallstát sin, gur ráta sealadach atá i gceist leis an meánráta ualaithe ag an gcéim sin agus nach mbeidh sé ina ráta cinntitheach ach go dtí go gcuirfear deireadh leis an bhforchoimeádas. Is iad an Ghearmáin, an Chróit agus Lucsamburg na Ballstáit.[23]

## Éabhlóid na sáruithe i ndáil leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe ó 2016 go 2022

Tarlaíonn sáruithe de thoradh neamhchomhlíonadh na reachtaíochta maidir le hacmhainní dílse. Is fíorannamh go deo a tharlaíonn nósanna imeachta um shárú i gcás na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe, agus réitítear formhór na gcásanna nach bhfuiltear ar aon tuairim ina leith le linn an timthrialla fíorúcháin lena gceadaítear ceartúcháin agus coigeartuithe laistigh de 4 bliana. Idir 2016 agus 2022, sheol an Coimisiún sárú amháin (Bosca 2). Ní raibh aon tionchar ar sháruithe go dtí seo de thoradh an córas nua a bheith tugtha isteach. De thoradh an meánráta ualaithe reoite a bheith tugtha isteach agus deireadh a bheith curtha le formhór na gcúiteamh, tá sé i bhfad níos éasca boinn measúnaithe CBL a ríomh agus d'fhéadfadh sé a fhágáil go gcuirfear teorainn leis an líon easaontas leis na Ballstáit.

[23] In Iarscríbhinn 7 freisin, léirítear mionsonraí faoi chéatadáin mheánráta ualaithe 2016 in aghaidh an Bhallstáit agus a stádas. Tabhair faoi deara go bhfuil an bonn measúnaithe CBL sa Chróit agus i Lucsamburg cuid mhaith níos airde ná an bonn caidhpeáilte, agus go bhfuil luach a chomhfhreagraíonn do 50 % dá OIN faoi seach curtha in ionad na mbonn measúnaithe CBL atá ríofa acu. Tugann sé sin le tuiscint nach ndéanfadh aon athrú ar chéatadáin a rátaí difear do mhéid a ranníocaíochtaí Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe.

Cé gur sách annamh a tharlaíonn siad, is dreasacht chumhachtach iad nósanna imeachta um shárú do na Ballstáit chun reachtaíocht maidir le hacmhainní dílse a chomhlíonadh agus tá siad fíor-riachtanach d'inchreidteacht chóras acmhainní dílse an Aontais. Áirithítear cóir chomhionann do na Ballstáit leis na nósanna imeachta sin agus go mbeidh smacht ar an gcaoi a mbailítear ioncam.

**Bosca 2: Nósanna imeachta um shárú atá ar feitheamh**

Sa tréimhse 2016-2022, sheol an Coimisiún aon nós imeachta amháin um shárú a bhain leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe (Nós imeachta um mion-ionad ilfhreastail na Ríochta Aontaithe – sárú 2020/2316). Tugadh isteach an mion-ionad ilfhreastail (MOSS) an 1 Eanáir 2015 agus cuireadh síneadh leis, go dtí go raibh sé ina ionad ilfhreastail (OSS) ón 1 Iúil 2021, lena gcumhdaítear raon soláthairtí níos leithne agus lena ndearnadh cúrsaí níos éasca fós, mar a shonraítear i mBosca 1. Is scéim roghnach é an mion-ionad ilfhreastail CBL, a chuireann ar a gcumas do cháiníocóirí cuntas a thabhairt i gCáin Bhreisluacha, ar cáin í a bhíonn dlite de ghnáth i mBallstáit iomadúla, i mBallstát amháin. I measc na seirbhísí a chuimsítear i scéim MOSS tá an teileachumarsáid trasteorann, an chraoltóireacht teilifíse agus raidió, agus seirbhísí digiteacha. An Ballstát mar a ndéantar an íocaíocht, d'fhéadfadh sé 30 % den CBL a íocadh in 2015 agus 2016, agus 15 % di in 2017 agus 2018, a choinneáil. An CBL sin a coinníodh, ba cheart í a chuimsiú sa bhonn measúnaithe CBL chun críoch na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe.

Ó 2015 go 2018, níor mheas údaráis náisiúnta na Ríochta Aontaithe gur CBL iad na suimeanna sin a bhí á gcoinneáil faoi chóras MOSS agus, dá bhrí sin, níor chuir siad san áireamh iad ina ráiteas maidir leis an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe a ríomh agus a íoc. Tar éis tuairim réasúnaithe ón gCoimisiún a fháil i mí na Samhna 2023, d'iarr an Ríocht Aontaithe go gcuirfí síneadh leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt, agus d'oibrigh sí go dlúth leis an gCoimisiún chun an méid acmhainní a bhí dlite fós a chinneadh go beacht agus chun an cás a réiteach. Tar éis plé fairsing a dhéanamh, thángthas ar chomhaontú sa mhéid is gur chuir an Ríocht Aontaithe an phríomhshuim a bhí dlite ar fáil i mí Iúil 2024 (GBP 4,016 mhilliún). Cuimsíodh an méid úis atá dlite (GBP 3,05 milliún) i sonrasc Mheán Fómhair na Ríochta Aontaithe agus beidh an Coimisiún in ann leanúint ar aghaidh le dúnadh foirmiúil an cháis sin a luaithe a bheidh an tráthchuid dheireanach den sonrasc sin íoctha (an chéad leath de 2025).

## 2.4. Aiseolas ó na Ballstáit

Agus an tuarascáil seo á hullmhú aige, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na Ballstáit (Iarscríbhinn 8) chun aiseolas a fháil maidir lena measúnú ar an gcóras nua simplithe acmhainní dílse CBL-bhunaithe. Iarradh ar na Ballstáit scór a thabhairt don chóras nua, na gnéithe ba luachmhaire/ba neamhluachmhaire dar leo a mheas agus machnamh a dhéanamh ar an gcoigilteas a d'fhéadfaí a bhaint amach leis an gcóras nua (mar shampla, san ualach oibre, an líon foirne), agus más féidir, an coigilteas sin a chainníochtú.

### SCÓRÁIL AN CHÓRAIS NUA


Ar scála ó 1 go 10 (inarb é 10 an scór is airde), thug 26 Bhallstát scór 8,9 ar an meán don chóras nua (bhí Ballstát amháin ann nár thug scór ar bith). Agus na scóir á gcur isteach i ngreille ina raibh 5 chatagóir (Tábla 11), thuairiscigh formhór (15) na 26 Bhallstát a thug freagra go raibh siad 'an-sásta' leis an gcóras nua, agus thuairiscigh 11 Bhallstát go raibh siad 'sásta', agus níor thug ach 2 Bhallstát díobh scór 7 don chóras nua. Chuir na Ballstáit gnéithe difriúla i dtábhacht mar ghnéithe a bhí an-dearfach ar fad i bhfianaise a scórála. Tharraing siad aird ar an méid ama laghdaithe agus ar an líon níos lú d'acmhainní daonna lena bhfuil gá chun an ráiteas bliantúil CBL a tharraingt suas agus chun páirt a ghlacadh sa timthriall cigireachta, go háirithe a bhuí le húsáid an mheánráta ualaithe reoite agus deireadh a bheith curtha le cúitimh/ceartúcháin. Tairbhí a chonacthas freisin ba ea an laghdú ar a dhóichí go mbeadh earráidí ann agus gur laghdaíodh an t-ualach riaracháin ar an iomlán.

**Tábla 11 – An córas nua a scóráil**

| 1-2 | 3-4 | 5-6 | 7-8 | 9-10 |
|---|---|---|---|---|
| **An-mhíshásta** | **Míshásta** | **Gan bheith sásta ná míshásta** | **Sásta** | **An-sásta** |
| 0 | 0 | 0 | 11 | 15 |

Foinse: Freagairtí na mBallstát ar an gceistneoir; níor sholáthair Ballstát amháin scóráil

**Cairt 4 – Scór na sástachta leis an gcóras nua ar scála ó 1 go 10**




*Foinse:* Freagairtí na mBallstát ar an gceistneoir

## NA LUACHANNA IS MÓ A BHAINEANN LEIS AN GCÓRAS NUA

Is é ba luachmhaire sa chóras nua dar leis na Ballstáit go raibh sé níos éasca lena úsáid, ós rud é gur cuireadh deireadh le cúitimh agus ceartúcháin (16 Bhallstát) agus nach gá an meánráta ualaithe a ríomh go bliantúil a thuilleadh (19 mBallstát). Thug Ballstát áirithe (7) chun suntais freisin, ar leibhéil éagsúla, go bhfuil nasc i bhfad níos dlúithe ann anois idir an ríomh simplithe agus ioncaim CBL iarbhír. Dúirt roinnt de na Ballstáit freisin go raibh gá le hacmhainní suntasacha le haghaidh codanna de na ríomhanna a dhéantaí roimhe ach go raibh tionchar teoranta acu ar an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe. Bhí Ballstát amháin an-sásta freisin go bhfágann an córas nua go bhfuil an iomaíocht níos cothroime idir na Ballstáit toisc nach ábhartha a thuilleadh iad neamhréitigh atá nasctha le modhanna agus foinsí sonraí difriúla chun an meánráta ualaithe agus cúitimh a ríomh. Thug na Ballstáit aitheantas dearfach freisin do choigilteas ama ginearálta, laghdú ar an ualach oibre agus ar an ualach riaracháin (mar shampla, is lú an líon údarás náisiúnta nó soláthraithe foinse sonraí seachtracha eile a bhíonn i gceist), éifeachtaí dearfacha (lena bhfuil coinne) ar an timthriall cigireachta (go háirithe mar gheall ar dheireadh a bheith curtha le ceartúcháin/cúitimh), chomh maith le teimpléid shoiléire agus chuimsitheacha. Níor iarr ach Ballstát amháin go ndéanfaí an modh ríofa níos éasca fós.

## NA GNÉITHE BA NEAMHLUACHMHAIRE SA CHÓRAS NUA

Cé gur glacadh go dearfach leis an gcóras nua go fonnmhar, shainaithin roinnt Ballstát go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh fós. Go háirithe, tharraing cúig Bhallstát chun suntais, trí úsáid a bhaint as meánráta ualaithe reoite, go bhféadfadh sé nach léireofaí athruithe ar dhlí náisiúnta maidir le CBL, go háirithe athruithe ar rátaí CBL, agus go gcuirfí teorainn le cruinneas; luaigh trí Bhallstát ualach na bhforchoimeádas a bhain leis an seanchóras; luaigh trí Bhallstát an éiginnteacht faoi bhealaí a d'fhéadfaí an meánráta ualaithe a ríomh amach anseo; luaigh Ballstát amháin na ríomhanna casta le haghaidh ceartúcháin atá ann cheana agus a bhfuil tionchar airgeadais teoranta acu; agus luaigh seacht mBallstát an gá go leanfaí den ráta a ríomh mar gheall ar an staidéar faoin mbearna CBL. Níor thuairiscigh 13 Bhallstát go raibh aon ghnéithe den chóras nua acmhainní dílse CBL-bhunaithe nach raibh chomh luachmhar sin.

## TIONCHAR AN CHÓRAIS NUA AR ACMHAINNÍ

Maidir leis an tionchar ar choigilteas (mar shampla, laghdú ar an líon foirne, ualach oibre, costais) a bhaineann leis an gcóras nua, thug 21 Bhallstát freagra ar léir é a bheith dearfach ach a bhí ina fhreagra cineálach den chuid is mó. I gcoitinne, dheimhnigh siad gur tháinig laghdú iontach amach is amach ar an ualach oibre chun an ráiteas CBL a ullmhú (ó mhíonna go dtí díreach cúpla lá) agus chuir siad i dtábhacht an coigilteas ama a mhéid a bhaineann le ceartúcháin/cúitimh roimhe, leis an meánráta ualaithe a ríomh agus soláthraithe sonraí seachtracha a úsáid.

Chainníochtaigh 14 Bhallstát an coigilteas a bhíothas in ann a dhéanamh tríd an athchóiriú ar an gcóras chun ráitis CBL a ullmhú, chomh maith le cigireachtaí a ullmhú agus páirt a ghlacadh iontu. Léirítear sna freagraí réimse ilghnéitheach leathan coigiltis agus modhanna ríofa a úsáidtear. Mar shampla, tuairiscíodh coigilteas, ó 0,2 go 0,3 FTE (coibhéisí lánaimseartha) go dí coigilteas 90 % ar an ualach oibre i gcomparáid leis na hacmhainní a leithdháiltí don seanchóras.

## 2.5. Conclúid

Léirítear san anailís go bhfuil a chuspóirí bainte amach a bheag nó a mhór le simpliú an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún araon a laghdú.

De thoradh gur scoireadh de cheartúcháin agus de chúitimh áirithe, laghdaíodh castacht na ríomhanna, gan tionchar suntasach a bheith i gceist ar luach an bhoinn measúnaithe CBL ar a mbailítear an acmhainn dhílis. Ní airde tionchar na gceartúchán ar scoireadh díobh ná 0,1 % de na glanfháltais, agus ní mó ná 0,6 % den bhonn measúnaithe CBL iomlán iad na cúitimh ar scoireadh díobh. Tá luach an bhoinn measúnaithe CBL neamhchaidhpeáilte ag leanúint dá mhéadú le himeacht ama, agus le blianta beaga anuas, tá ról mór ag tosca maicreacnamaíocha atá nasctha le paindéim COVID-19.

An tráth céanna, ní dhearna an córas nua acmhainní dílse CBL-bhunaithe difear don bhailiú Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe toisc nár athraíodh na rialacha maidir le réamhaisnéisiú, comhardú agus bailiú nuair a tugadh isteach an simpliú[24].

Tá laghdú beag tagtha ar an líon forchoimeádas le himeacht ama toisc gur scoireadh d'fhormhór na gcúiteamh agus na gceartúchán. Baineann formhór na bhforchoimeádas oscailte le míreanna sa chóras a bhí ann roimhe agus ar scoireadh díobh. A luaithe a thabharfar aghaidh ar na forchoimeádais sin agus a réiteofar iad i gcigireachtaí amach anseo, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an líon forchoimeádas oscailte in éineacht leis na hacmhainní riaracháin lena bhfuil gá chun aghaidh a thabhairt ar na forchoimeádais sin, don Choimisiún agus do na Ballstáit araon.

D'aithin na Ballstáit tionchar dearfach an athchóirithe ar an ualach riaracháin. Tá sé róluath measúnú agus cainníochtú iomlán a dhéanamh ar choigilteas riaracháin an athraithe don Choimisiún agus do na Ballstáit araon, ach is cosúil go bhfuil tairbhí suntasacha tugtha i bhfeidhm leis an gcóras nua, agus éifeachtacht leanúnach an chórais acmhainní dílse CBL-bhunaithe á háirithiú an tráth céanna. Chuir Ballstát áirithe imní in iúl go raibh imní orthu go bhféadfadh sé nach léireofaí athruithe suntasacha ar rátaí náisiúnta CBL in úsáid mheánráta ualaithe reoite 2016, rud a laghdódh cruinneas an bhoinn measúnaithe CBL.

Dá ndéanfaí an ráta a reo ar leibhéal 2016, d'fhéadfaí dreasachtaí airgeadais díobhálacha a chruthú, sa mhéid go bhféadfaí a fhágáil le haon chiorrú ar rátaí dá éis sin (nó aon chúngú ar an mbonn measúnaithe, nó aicme idirbheart á aistriú go réim CBL níos ísle) go laghdófaí ranníocaíocht an Bhallstáit le buiséad an Aontais.

Déanfar meastóireacht sa chéad chaibidil eile ar an tsaincheist maidir le leorgacht chur i bhfeidhm mheánmheáchan ualaithe 2016.

[24] Rud ba cheart a thabhairt faoi deara maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Cur ar Fáil in 2021, lenar cuireadh íoc na n-iarmhéideanna siar agus lenar cuireadh uasteorainn le tionchar an úis ar riaráistí, nach raibh baint ag an athbhreithniú sin leis an simpliú a bhí á anailísiú.

# 3. Éabhlóid an mheánráta ualaithe ó bhí 2016 ann


## 3.1. Éabhlóid an mheánráta ualaithe: 2016-2020

Idir 2016 agus 2020, d'fhan an meánráta ualaithe cobhsaí i gcás fhormhór na mBallstát. Is sa Ghearmáin, sa Ghréig agus sa Chróit amháin a chonacthas athruithe os cionn 1 phointe céatadáin amháin i gcomparáid leis an ráta in 2016, mar ar léiríodh go raibh rátaí níos ísle ann in 2019 nó 2020 i gcomparáid le 2016, go príomha mar gheall ar fhreagairtí ar phaindéim COVID-19.

I gcoitinne, tháinig éabhlóid ar mheánrátaí ualaithe na mBallstát mar gheall ar athruithe ar rátaí foriomlána CBL nó mar gheall ar chatagóirí difriúla CBL a cuireadh i bhfeidhm i gcás táirgí áirithe. Rinne an Ghearmáin agus Éire laghdú ar a rátaí CBL laghdaithe agus ar a rátaí CBL caighdeánacha, agus thug an Ostair ráta laghdaithe nua isteach. Chuir mórán tíortha rátaí laghdaithe nó rátaí forlaghdaithe i bhfeidhm freisin[25] maidir le catagóirí sonracha táirgí. Mar shampla, bhí laghduithe ann do bhialanna agus d'óstáin sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Ghearmáin, sa Ghréig, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ostair, sa tSeicia agus san Ungáir. Bhí earnáil an iompair paisinéirí faoi réir rátaí laghdaithe CBL sa Ghréig agus sa tSeicia. Laghdaíodh rátaí CBL ar leabhair agus nuachtáin freisin, sa Bhulgáir, sa Laitvia, san Ostair, sa tSlóvaic agus sa tSlóivéin

San earnáil áineasa agus an chultúir, lena gcumhdaítear pictiúrlanna, amharclanna agus ceolchoirmeacha, chonacthas laghduithe CBL ar fud roinnt mhaith Ballstát, lena n-áirítear an Bhulgáir, an Chróit, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Eastóin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin agus an Ungáir. Os a choinne sin, is é méadú ar an ráta laghdaithe CBL ba chúis leis an méadú ar mheánráta ualaithe na hÍsiltíre in 2019. Ní chuireann an Danmhairg ach aon ráta CBL amháin i bhfeidhm, gan aon athrú ar a meánráta ualaithe[26].

**Cairt 5 – Dearbhathrú ar mheánráta ualaithe 2019-2020 i gcomparáid le 2016 (i bpointí céatadáin)**




*Foinse:* Ráitis CBL na mBallstát do bhlianta airgeadais 2016, 2019 agus 2020

[25] Tá ráta forlaghdaithe faoi bhun an íosráta 5 % agus is féidir é a chur i bhfeidhm maidir le liosta teoranta earraí agus seirbhísí (Airteagal 98.2 den Treoir maidir le CBL).
[26] In Iarscríbhinn 12, cuirtear i láthair éabhlóid mheánrátaí ualaithe na mBallstát sa tréimhse 2016-2020

**Bosca 3: Athruithe ar reachtaíocht maidir le CBL a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mheánráta ualaithe**

I mí Aibreáin 2016 d'eisigh an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta maidir le CBL – *Towards a single EU VAT area – Time to decide* [I dtreo Limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach — an t-am le cinneadh a dhéanamh][27]. Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta sin an chonair i dtreo limistéar aonair CBL an Aontas Eorpaigh a chruthú. Sa chomhthéacs sin, ó bhí 2016 ann, leasaíodh an Treoir maidir le CBL roinnt uaireanta (glacadh 16 Threoir lena leasaíodh í – Iarscríbhinn 10). Tá coinne leis go mbeidh éifeacht ag tionchar na leasuithe sin le himeacht ama agus go leanfar dá dtionchar bunúsach ar fheidhmiú an chórais CBL agus an mhargaidh inmheánaigh sna blianta amach romhainn.

Le Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Treoracha 2006/112/CE agus (AE) 2020/285 a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht rátaí tosaíochta a choinneáil ar bun le haghaidh táirgí a raibh maoluithe ann ina leith cheana féin i gcás Ballstát áirithe lena gcuirtear ar a gcumas do Bhallstáit eile rochtain a fháil ar na maoluithe sin, maidir le rátaí níos ísle ná 5 % a thabhairt isteach (a toirmisceadh roimh an leasú), agus leis an bhféidearthacht rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le níos mó táirgí. Féadfaidh tionchar a bheith ag na leasuithe sin ar an meánráta ualaithe ilbhliantúil, atá socraithe ag leibhéil 2016 faoi láthair.

Ar deireadh, go háirithe le haghaidh 2020 agus 2021, i dtaca leis na Treoracha a[28] glacadh maidir leis na bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha is infheidhme maidir le vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, agus na díolúintí sealadacha ar allmhairí agus soláthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go ndearna na Treoracha sin difear do leordhóthanacht an mheánráta ualaithe ilbhliantúil freisin.

## 3.2. Éabhlóid an mheánráta ualaithe: 2021-2024 measta

Ó bhí 2021 ann, ní cheanglaítear ar na Ballstáit a thuilleadh meánrátaí ualaithe a ríomh i gcás na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe. Dá bhrí sin, déantar meastachán sa roinn seo ar na rátaí sin le haghaidh 2021-2024 chun meastóireacht a dhéanamh ar leorgacht chur i bhfeidhm ráta 2016 a úsáideadh sa tréimhse sin. Rinne an Coimisiún meastachán ar an meánráta ualaithe tar éis 2020, trí úsáid a bhaint as modh ríofa simplithe i gcomparáid le ríomhanna na mBallstát i leith an mheánráta

[27] *Communication from the Commission to the European parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on an action plan on VAT towards a single EU VAT - time to decide* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i ndáil le plean gníomhaíochta maidir le CBL i dtreo Limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach - an t-am le cinneadh a dhéanamh] COM/2016/0148 final.

[28] Treoir (AE) 2020/2020 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha is infheidhme i leith soláthar vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha in vitro mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19;
Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

ualaithe iarbhír. Ní úsáidtear leis an modh sin ach sonraí tomhaltais na dteaghlach príobháideach (Bosca 4).

**Bosca 4: Míniú ar an modh simplithe i gcás an mheánráta ualaithe**

Suas go dtí 2020, chun an meánráta ualaithe a ríomh, mar a dhéanadh na Ballstáit, bhí gá le mórán faisnéise mionsonraithe maidir le, mar shampla, catagóirí caiteachais difriúla, na rátaí CBL a bhain leo nó fochatagóirí díolmhaithe. Níl formhór na faisnéise sin ar fáil go héasca gan imscrúduithe agus ríomhanna mionsonraithe a bheith déanta ag na mBallstát. Is é tomhaltas na dteaghlach príobháideach an príomhní lena gcinntear an meánráta ualaithe, agus is é atá i gceist le thart ar 60-80 % de chaiteachas na mBallstát atá faoi réir CBL. Tá sonraí faoi thomhaltas na dteaghlach príobháideach, mar chuid de chuntais náisiúnta na mBallstát, ar fáil go poiblí ó Eurostat. Braitheann an meánráta ualaithe simplithe ar mheastacháin atá bunaithe ar na sonraí teaghlaigh sin ach staontar ó chatagóirí eile a ríomh ar mhaithe leis, amhail ceannacháin rialtais, ollfhoirmiú caipitil sheasta, agus tomhaltas idirmheánach na gcuideachtaí (féach Iarscríbhinn 14 chun miondealú a fháil ar an tomhaltas in aghaidh an Bhallstáit).
Leis an meánráta ualaithe simplithe (S-WAR), cuirtear ráta fáis an mheánráta ualaithe i bhfeidhm, bunaithe ar shonraí tomhaltais teaghlaigh, rud ar a dtugtar meánráta ualaithe teaghlaigh (HH-WAR) de bhliain N, agus úsáid á baint as bliain B mar an bonn (bliain tagartha), a ghabhann le meánráta ualaithe iarbhír na bonnbhliana:

$$S\text{-}WAR_N = WAR_B \times \frac{HH - WAR_N}{HH - WAR_B}$$

Ríomhann Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC) an meánráta ualaithe teaghlaigh (HH-WAR). Tá tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht in Iarscríbhinn 15.


In Iarscríbhinn 13, cuirtear comparáid i láthair idir an meánráta ualaithe simplithe le haghaidh 2020 agus na rátaí iarbhír.

De réir na meastachán sin, bhí an meánráta ualaithe simplithe idir 2021 agus 2024 sna Ballstáit réasúnta dlúth leis an meánráta ualaithe iarbhír ó 2016 fós. In 13 Bhallstát as na 27 mBallstát, ní mó ná difríocht 1 phointe céatadáin ó ráta 2016 a bhí i gceist leis an meánráta ualaithe simplithe i gcaitheamh na mblianta uile a breathnaíodh (2021-2024). Athruithe suntasacha sa mheánráta ualaithe ba mhó ná 2 phointe céatadáin, níor breathnaíodh iad ach i roinnt tíortha: Sa Ghearmáin, sa Chróit, sa Pholainn agus sa Rómáin.

I gcoitinne, athruithe ar an meánráta ualaithe simplithe sa tráthchlár a breathnaíodh, is féidir iad a chur síos d'athruithe ar phatrún tomhaltais agus ar rátaí CBL. Is minic a tháinig laghdú ar an ráta CBL i gcás leictreachais, gáis nó breoslaí mar fhreagairt ar ghanntanais soláthair fuinnimh agus ar mhéaduithe gaolmhara ar phraghsanna tar éis ionsaí na Rúise ar an Úcráin. Chonacthas na laghduithe sin sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Spáinn, sa Chróit, in Éirinn, san Iodáil, sa Pholainn agus sa Phortaingéil. Chuir rátaí níos ísle ar tháirgí bia, amhail torthaí agus glasraí, leis na hathruithe sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil agus sa Pholainn freisin. D'aisiompaigh roinnt tíortha, lena n-áirítear an Bheilg, an Ghearmáin, an Rómáin agus Éire, na laghduithe sealadacha ar an ráta CBL a cuireadh chun feidhme le linn phaindéim COVID-19, rud a d'fhág gur tháinig méaduithe ar a meánrátaí ualaithe. Cuireadh deireadh le hasbhaintí ón ráta CBL i gcás leictreachais, gáis agus breoslaí i dtíortha áirithe freisin, amhail an Pholainn, rud atá ina mhíniú ar an ardú ar an meánráta ualaithe in 2023 agus 2024.

Maidir leis na hathruithe ar na rátaí náisiúnta CBL, tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn 11 ar na rátaí CBL is infheidhme i ngach Ballstát sa tréimhse 2016-2023.


**Cairt 6 – Dearbhathrú ar mheánrátaí ualaithe simplithe ó 2021 go 2024 i gcomparáid le meánráta ualaithe 2016 (pointí céatadáin)**




*Foinse:* Ríomhanna dílse

In 2024, tá coinne leis go mbeidh deireadh curtha le formhór na mbeart CBL a rinne na Ballstáit chun tionchair eacnamaíocha phaindéim COVID-19 a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin, trí mheánráta ualaithe 2016 a chur i gcomparáid le ráta simplithe 2024, gur cheart go bhfaighfí léiriú úsáideach ar leordhóthanacht ráta 2016 tar éis na paindéime. I gcás fhormhór na dtíortha, bhí an meánráta ualaithe in 2024 faoi bhun ráta 2016, agus laghduithe idir 5 % agus 10 % le feiceáil i gcás tíortha go leor. Léiríonn an Ghearmáin, an Chróit agus an Rómáin na laghduithe is mó, dar méid thart ar 10 %.

**Cairt 7 – Athrú coibhneasta ar mheánráta ualaithe simplithe 2024 i gcomparáid le meánmheáchan ualaithe 2016 (%)**




*Foinse:* Ríomhanna dílse

## 3.3. Conclúid na hanailíse ar an meánráta ualaithe

Mar fhocal scoir, léiríonn an anailís ar mheastachán an mheánráta ualaithe simplithe gur cosúil gur leormhaith i gcás fhormhór na mBallstát meánráta ualaithe 2016 chur i bhfeidhm maidir leis na blianta 2021 go 2024. Léiríonn na meastacháin go bhfuil an líon tíortha a mbeadh a meánráta ualaithe difriúil go maith (os cionn 10 %) dá ngníomhóidís ar shlí eile, an-bheag.

Roinnt teagmhas a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na rátaí CBL is infheidhme, agus dá bhrí sin, ar Acmhainní Dílse CBL-bhunaithe, rinne siad difear don tréimhse faoi bhreathnú Athruithe sealadacha ar rátaí CBL a bhí nasctha le bearta COVID-19, mar aon le níos mó solúbthachta chun rátaí CBL a shocrú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle, fágann siad gur deacair meastachán a dhéanamh ar thionchar chur i bhfeidhm ráta reoite 2016 ina aonar gan na tosca eile sin a chur san áireamh. Mar sin féin, tugann an anailís le tuiscint gur teoranta an tionchar a bhí ar dháileadh cothrom na ranníocaíochta CBL le buiséad an Aontais toisc gur scoireadh den mheánráta ualaithe a ríomh go bliantúil, agus tugtar le tuiscint freisin gur laghdaíodh go suntasach an t-ualach riaracháin ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dá thoradh sin.

# 4. Conclúid

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar fheidhmiú na hAcmhainne Dílse CBL-bhunaithe tar éis na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2021/769 ón gComhairle, go háirithe leordhóthanacht an mheánráta ualaithe ilbhliantúil reoite.

Mar a shonraítear i gCaibidil 2, ní raibh tionchar suntasach ar mhéid an bhoinn measúnaithe Acmhainne Dílse CBL-bhunaithe toisc gur scoireadh d'fhormhór an chúitimh agus na gceartúchán, cé gur laghdaíodh an líon forchoimeádas oscailte dá thoradh sin. In éineacht leis an modh simplithe chun an Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe a ríomh le meánráta ualaithe reoite 2016, tá laghdú iontach amach is amach tagtha ar an ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún araon.

Tá trí Bhallstát ann faoi láthair a úsáideann ráta sealadach 2016 mar gheall ar fhorchoimeádais oscailte: An Ghearmáin, an Chróit agus Lucsamburg (léiríonn Iarscríbhinn 9 an meánráta ualaithe do gach Ballstát).

Maidir le leordhóthanacht an ráta reoite, léirítear i gCaibidil 3 nár imíodh ach níos mó ná 1 phointe céatadáin ón ráta iarbhír i gcás líon beag Ballstát de thoradh an tionchar a measadh a bheadh ann trí ráta 2016 a úsáid sna blianta 2021 go 2024. Ar an iomlán, d'éirigh na diallais a measadh níos lú in 2024 mar gheall ar na coigeartuithe a rinneadh chun cur i gcoinne thionchair eacnamaíocha phaindéim COVID-19. Tá na diallais sin ón ráta a measadh in 2024 sa raon idir + 4 % agus - 11 %.

Tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn 11 ar na rátaí CBL ab infheidhme i ngach Ballstát sa tréimhse 2016-2023.

# Iarscríbhinn

## Iarscríbhinn 1 Tábla Achoimre an Ráitis

Acmhainní Dílse CBL-bhunaithe de réir Rialachán 1553/89 ón gComhairle

| Cód | | | Diúltach | Deimhneach |
|---|---|---|---|---|
| | Fáltais | | | |
| R.1 | Fáltais | | | |
| R.2 | Fíneálacha & ús | | | |
| R.3 | Costais aisghabhála | | | |
| R.4 | Fiontair bheaga a ngearrtar cáin orthu (-) | | | |
| R.5.1 | Ceartúcháin eile (+) | | | |
| R.5.2 | Ceartúcháin eile (-) | | | |
| R.6 | Faoiseamh cánach grádaithe | | | |
| R.7.1 | Feirmeoirí ar ráta comhréidh (+) | | | |
| R.7.2 | Feirmeoirí ar ráta comhréidh (-) | | | |
| R.8 | Glanfháltais | | | |
| W | Meánráta ualaithe (%) | | | |
| IB | Bonn idirmheánach | | | |
| | Cúiteamh i leith an bhoinn | | | |
| SE.1 | Fiontair bheaga dhíolmhaithe (+) | | | |
| E.2 | Fiontair bheaga dhíolmhaithe (-) | | | |
| | Iarscríbhinn X, cuid A de Threoir 2006/112/CE | | | |
| XA.1 | Teicneoirí déidliachta | | | |
| XA.2 | Raidió poiblí agus teilifís phoiblí | | | |
| XA.3 | Foirgnimh atá ann cheana agus talamh tógála | | | |
| XA.4 | Gníomhairí taistil (lasmuigh den Aontas) | | | |
| XA.T | Iomlán Iarscríbhinn X, cuid A | | | |
| | Iarscríbhinn X, cuid B de Threoir 2006/112/CE | | | |
| XB.1 | Cead isteach chuig imeachtaí spóirt | | | |
| XB.2 | Gairmeacha beatha liobrálacha | | | |
| XB.3 | Teileachumarsáid phoiblí | | | |
| XB.4 | Créamadh agus adhlacóirí | | | |
| XB.5 | Daoine dalla | | | |
| XB.6 | Comóradh na n-íospartach cogaidh | | | |
| XB.7 | Ospidéil phríobháideacha | | | |
| XB.8 | Uisce poiblí | | | |

| Cód | | | Diúltach | Deimhneach |
|---|---|---|---|---|
| XB.9 | Foirgnimh nua agus talamh tógála | | | |
| XB.10 | Iompar paisinéirí (páirt intíre) | | | |
| XB.11 | Aerárthach | | | |
| XB.12 | Longa cogaidh | | | |
| XB.13 | Gníomhairí taistil (san Aontas) | | | |
| XB.T | Iomlán Iarscríbhinn X, cuid B | | | |
| | Cearta asbhainte teoranta | | | |
| RD.C | Gluaisteáin | | | |
| RD.E | Caiteachas ar ghluaisteáin | | | |
| | Cúitimh eile | | | |
| OC.1 | Cúitimh eile | | | |
| OC.2 | Cúitimh eile | | | |
| OC.3 | Cúitimh eile | | | |
| OC.4 | Cúitimh eile | | | |
| OC.5 | Cúitimh eile | | | |
| OC.6 | Cúitimh eile | | | |
| OC.7 | Cúitimh eile | | | |
| C.T | IOMLÁN na gcúiteamh | | | |
| Bonn measúnaithe CBL críochnaitheach | | | | |

*Foinse:* an Coimisiún Eorpach

## Iarscríbhinn 2 Tábla Achoimre an Ráitis

Acmhainní Dílse CBL-bhunaithe de réir Rialachán 1553/89 ón gComhairle arna leasú le Rialachán 2021/769 ón gComhairle

| Cód | Tuairisc | Airgeadra a úsáidtear: |
|---|---|---|
| R1 | Fáltais | |
| R1.1 | Aon mhéid CBL nár taifeadadh i bhfáltais (+) | |
| R1.2 | Aon mhéid nach CBL é a taifeadadh i bhfáltais (-) | |
| NR | Glanfháltais | R1+R1.1–R1.2 |
| A | Ceartúchán Airteagal 3.2[29] (a) Raon Feidhme Críochach_____ __(+) | |
| B | Ceartúchán Airteagal 3.2[30] (b) Raon Feidhme Críochach_____(+-) | |
| $C_1$ | Ceartúchán Airteagal 3.2 (c) Sárú 1 _____(+) | |
| $C_2$ | Ceartúchán Airteagal 3.2 (c) Sárú 2 _____(+) | |
| … | …… | |
| $C_n$ | Ceartúchán Airteagal 3. 2 (c) Sárú n _____(+) | |
| TC | Ceartúcháin iomlána | A+nó–B+$C_1$…$C_n$ |
| CNR | Glanfháltais cheartaithe | NR+nó–TC |
| Meánráta ualaithe | Meánráta ualaithe ilbhliantúil (%)[31] | nn.nnnn% |
| FB | CBL neamhchaidhpeáilte críochnaitheach NÓ Bonn neamhchaidhpeáilte críochnaitheach | CNR/WAR |

*Foinse:* an Coimisiún Eorpach

[29] Is iad na críocha a luaitear faoi Airteagal 6 Sliabh Athos, na hOileáin Chanáracha, críocha na Fraince dá dtagraítear in Airteagal 349 agus Airteagal 355(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Saint-Barthelemy, Saint Martin), Oileáin Aaland, Oileáin Mhuir nIocht, Campione d'Italia, uiscí Iodálacha Loch Lugano, Oileán Heligoland, críoch Busingen, Ceuta, Melilla, agus Livigno.
[30] Is iad na críocha a luaitear faoi Airteagal 7 Prionsacht Mhonacó, Oileán Mhanann, agus Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe.
[31] Meánráta ualaithe cinntitheach nó meánráta ualaithe tosaigh 2016 arna shloinneadh i gceithre ionad dheachúlacha ón gcóras acmhainní dílse CBL-bhunaithe a bhí ann roimh 2021.

## Iarscríbhinn 3 Tuairisc ar chúitimh agus ar cheartúcháin

| Teideal | Tuairisc | Cuspóir | Tagairt dlí |
|---|---|---|---|
| **R.2 Fíneálacha & ús**<br>**R.3 Costais aisghabhála** | Chun deireadh a chur le heilimintí nach CBL iad ach a bhreactar in éineacht le CBL | Níor cheart a bheith i gceist leis an mbonn don Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe ach CBL a bhailítear | Airteagal 2(1) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Airteagal 2 den Treoir maidir le CBL |
| **R.4 Gnólachtaí beaga a ngearrtar cáin orthu** | Chun gnólachtaí beaga den sórt sin ag a bhfuil láimhdeachas faoi bhun EUR 10 000 a eisiamh | Tá sé de rogha ag na Ballstáit na gnólachtaí sin a fhágáil as an áireamh i gcásanna ina mbíonn deacrachtaí rompu gnáthshocruithe CBL a chur i bhfeidhm | Airteagal 2(3) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Teideal XXI, Caibidil 1, Roinn 1 den Treoir maidir le CBL |
| **R.5.1 & R.5.2 Ceartúcháin eile** | Chun eilimintí eile lena ndéantar difear do R.1 'Fáltais bhailithe' go dearfach nó go diúltach a chur ina gceart | Níor cheart a bheith i gceist leis an mbonn don Acmhainn Dhílis CBL-bhunaithe ach CBL a bhailítear. Leis na ceartúcháin, déantar eilimintí neamh-CBL a asbhaint agus cuirtear eilimintí CBL leo a taifeadadh in áiteanna eile | Airteagal 2(1) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Airteagal 2 den Treoir maidir le CBL |
| **R.6 Faoiseamh cánach grádaithe** | Gnólachtaí ag a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 10 000, d'fhéadfaí iad a scaoileadh ar scála aistritheach ón CBL dlite a íoc | Chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí beaga a mhaolú agus gnáthshocruithe CBL á gcur i bhfeidhm | Airteagal 5(1) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Teideal XXI, Caibidil 1, Roinn 1 den Treoir maidir le CBL |
| **R.7.1 & R.7.2 Feirmeoirí ar ráta comhréidh** | Ós rud é go gcomhlíonann feirmeoirí áirithe a n-oibleagáidí CBL ar bhealaí difriúla, ní mór éifeacht na héagsúlachta sin a aistriú chun bheith ina tionchar deimhneach nó diúltach ar R.1 'Fáltais bhailithe' | Chun an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí a mhaolú agus gnáthshocruithe CBL á gcur i bhfeidhm | Airteagal 5(2) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Teideal XXI, Caibidil 2 den Treoir maidir le CBL |
| **SE.1 & SE.2 Gnólachtaí beaga díolmhaithe** | Chun gnólachtaí beaga a chuimsiú ag a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 10 000 agus atá díolmhaithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil faoi réir na ngnáthoibleagáidí CBL | Chun gnólachtaí díolmhaithe a chuimsiú ag a bhfuil láimhdeachas idir EUR 10 000 agus chun na tairseacha díolúine náisiúnta a chur san áireamh amhail dá mbeidís faoi réir na ngnáthoibleagáidí CBL | Airteagal 6(1) den iar-Rialachán 1553/89 ón gComhairle agus Teideal XXI, Caibidil 1, Roinn 1 den Treoir maidir le CBL |
| **XA.1 Teicneoirí déidliachta**<br>**XA.2 Raidió poiblí agus teilifís phoiblí** | Chun fáltais CBL a eisiamh ar fáltais iad a bhaineann le soláthairtí áirithe a chuimsítear in R.1, ach nár cheart iad a chuimsiú | Chun soláthairtí a thógáil amach ar soláthairtí iad a ngearrtar cáin orthu i mBallstát ach ar cheart iad a dhíolmhú | Airteagal 2(2), an dara fleasc agus Airteagal 6(2), an chéad fhleasc, den iar-Rialachán 1553/89 ón |

| Teideal | Tuairisc | Cuspóir | Tagairt dlí |
|---|---|---|---|
| **XA.3 Foirgnimh atá ann cheana agus talamh tógála** | | | gComhairle, Airteagal 370 agus Iarscríbhinn X, cuid A den Treoir maidir le CBL |
| **XA.4 Gníomhairí taistil (lasmuigh den Aontas)** | | | |
